Tá tionscadal inmheánach ar bun chun méadrachtaí a thiomsú chun tionchar na rialála agus freagairt dhearfach na hearnála air a mheas.

Cumarsáid agus Plé le Páirtithe Leasmhara



Cumarsáid agus Plé le Páirtithe Leasmhara

Tá ÚRCTC tiomanta do bheith ina rialálaí rannpháirteach, ag obair go gníomhach le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil an creat rialála praiticiúil, comhréireach agus go dtacaíonn sé le hobair riachtanach CTCanna chun tithíocht a sholáthar.

Páirtithe Leasmhara ÚRCTC

Feidhmíonn ÚRCTC i réimse casta, le raon leathan CTCanna a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu ó thaobh méide, scála, maoinithe agus samhlacha seachadta. Oibríonn earnáil CTC le roinnt rialálaithe, maoinitheoirí agus gníomhaireachtaí maoirseachta. Dá

bhrí sin, áirítear ar pháirtithe leasmhara ÚRCTC ranna rialtais, údaráis áitiúla, eagraíochtaí abhcóideachta, maoinitheoirí stáit, maoinitheoirí príobháideacha, tionóntaí, comhlachtaí poiblí, agus rialálaithe eile.



Fíor 6. Páirtithe Leasmhara ÚRCTC

Bealaí ina ndéanann ÚRCTC cumarsáid


Mar chuid dá Straitéis 2021-2024, gheall ÚRCTC go n-áiritheofar cumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara. Ag cloí leis an ngealltanas seo, tá an méid seo a leanas forbartha ag ÚRCTC:

- Láithreach ar líne tríd ár suíomh gréasáin agus bealaí meán sóisialta
- Cláir threorach agus oideachais trí úsáid a bhaint as seimineáir ghréasáin
- Comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara tábhachtacha
- Anailís Earnála ar earnáil CTCanna
- Cumarsáid éifeachtach le comhlachtaí eile.

Ceann de fheidhmeanna ÚRCTC is ea feasacht agus tuiscint ar an Acht a chur chun cinn, rud a dhéanann sé ar na bealaí seo a leanas:

- Seimineáir ghréasáin oideachasúla a reáchtáil do chomhlachtaí sláinteachais shóisialacha (CTCanna) ar a gcláir agus a phróisis rialála
- Dul i mbun oibre le CTCanna maidir le hathruithe reachtaíochta ar an Acht a mbíonn tionchar acu ar a n-eagraíochtaí
- Foilsiú thuarascáil Anailíse Earnála ÚRCTC
- Foilsiú doiciméad treorach do CTCanna
- Trí theagmháil a dhéanamh le rialálaithe, maoinitheoirí, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí rialtais eile
- Rannpháirtíocht in imeachtaí comhdhála chun ról ÚRCTC mar rialálaí reachtúil CTCanna a chur in iúl.

Bhí ÚRCTC i mbun oibre lena pháirtithe leasmhara uile ar roinnt bealaí sa bhliain 2024:



Déanann ÚRCTC a dhícheall cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach a bhaint amach le páirtithe leasmhara agus le rialálaithe eile. Leanann forbairt meamram tuisceana agus comhaontuithe comhroinnte sonraí le rialálaithe ábhartha eile agus foilsiú faisnéise agus sonraí trédhearcacha agus inrochtana ar earnáil na CTCanna de bheith ina bpríomhfhócas ag ÚRCTC. Sa bhliain 2024, mhéadaigh ÚRCTC a idirghníomhaíochtaí le rialálaithe, maoinitheoirí, gníomhaireachtaí rialtais agus údaráis áitiúla eile atá ag feidhmiú laistigh den earnáil chun tacú le tuiscint agus comhoibriú níos fearr.

A bhuí le rannpháirtíocht ÚRCTC le páirtithe leasmhara tábhachtacha, is féidir leis na páirtithe leasmhara tosaíochtaí a aithint agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara a thuiscint, rud a leathnaíonn agus a dhoimhníonn tuiscint ÚRCTC ar earnáil na n-earraí CTC. Tá ÚRCTC ag bogadh ó chéim níos forbartha lena Straitéis 2021-2024 chun a chleachtais rialála a fhorbairt trína Straitéis 2025-2028. A bhuí leis an éabhlóid seo ar chleachtais rialála ÚRCTC, beidh ÚRCTC in ann na bealaí ina ndéanann sé cumarsáid ar bhealach machnamhach agus luachmhar a leathnú.

Suíomh Gréasáin ÚRCTC

Cuireann suíomh Gréasáin ÚRCTC an fhaisnéis is cuimsithí agus is déanaí ar fáil faoi chuspóir ÚRCTC, a fheidhmeanna, agus a chuid oibre leanúnaí. Feidhmíonn an suíomh gréasáin mar stór freisin do dhoiciméid tacaíochta agus treorach atá ullmhaithe do pháirtithe leasmhara ÚRCTC agus don phobal i gcoitinne.

D'íoslódáil cuairteoirí ar shuíomh gréasáin ÚRCTC doiciméid 8,337 uair sa bhliain 2024. Tá Clár na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ina bhfuil liosta iomlán de na CTCanna cláraithe ar shuíomh gréasáin ÚRCTC chomh maith. Rochtain 3,822 úsáideoir ar an rannóg chláraithe den suíomh Gréasáin sa bhliain 2024.

Tríd is tríd, tá méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin ÚRCTC le trí bliana anuas: **2022:** 5,947 úsáideoir, **2023:** 11,700 úsáideoir agus **2024:** 17,200 úsáideoir. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo de réir mar a oibríonn ÚRCTC chun a chuspóirí straitéiseacha 2025-2028 a bhaint amach agus béim mhéadaitheach á leagan ar theachtaireachtaí rialála ÚRCTC a fheabhsú ar fud a chainéil chumarsáide.

Rinneadh athbhreithniú ar inrochtaineacht shuíomh gréasáin ÚRCTC agus is tosaíocht fós é d'ÚRCTC, ina chumarsáid uile, a bheith chomh hinrochtana agus is féidir ag an oiread daoine agus is féidir. Leanfaidh ÚRCTC de bheith ag breithniú na mbealaí is oiriúnaí chun cumarsáid a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara, agus leis an bpobal i gcoitinne freisin, de réir mar a leanann an eagraíocht ag forbairt a straitéise cumarsáide.

Seimineáir gréasáin

Ceann de na bealaí a ndéanann ÚRCTC cumarsáid lena pháirtithe leasmhara ná trí úsáid a bhaint as seimineáir ghréasáin a thairgeadtar agus atá ar fáil lena fheiceáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Úsáideann ÚRCTC seimineáir ghréasáin mar mheán chun dul i ngleic lena pháirtithe leasmhara ar bhealach a chuireann ar a chumas faisnéis a roinnt agus plé bríoch a éascú ar an ábhar leis na rannpháirtithe ag an am céanna. Tá roinnt seimineáir gréasáin a raibh freastal maith orthu á reáchtáil ag ÚRCTC ó bunaíodh é sa bhliain 2021 ar réimse ábhar lena n-áirítear:

- Dréachtú Chaighdeáin ÚRCTC do CTCanna
- Clár Faireacháin Bliantúil ÚRCTC
- Treoir Imeachtaí Infhogartha
- Clár Measúnaithe ÚRCTC.

Sa bhliain 2024, reáchtáil ÚRCTC 3 sheimineáir gréasáin ar thopaicí a bhain le clárú agus leis na Cláir Faireacháin Bhliantúla agus d'fhreastail beagnach 300 duine san iomlán orthu.

- Seimineáir ghréasáin an Chláir Faireacháin Bhliantúil (213 duine a bhí i láthair)
- Seimineáir gréasáin clárúcháin (63 duine a bhí i láthair).

Treirdhoiciméid

Tá sé mar aidhm ag ÚRCTC treoir agus comhairle a chur ar fáil a bhaineann le gach gné dá chuid oibre chun cabhrú lena pháirtithe leasmhara agus tacú leo. Táthar ag súil go leathnóidh na doiciméid seo le himeacht ama de réir mar a thiocfaimid trasna ar chásanna trí obair ÚRCTC ina bhfuil gá le treoir bhreise. Oibreoidh ÚRCTC chun an creat rialála a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a neartú trí úsáid a bhaint as na cineálacha seo doiciméad oideachais mar cheann dá huirisí rialála.

Cairt Chustaiméirí ÚRCTC

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú, tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag ÚRCTC ina leagtar amach na caighdeáin ar féidir lena gcustaiméirí agus lena bpáirtithe leasmhara a bheith ag súil leo agus iad ag plé leis. Tá na caighdeáin seo ailínithe le Prionsabail Threoracha na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus déantar athbhreithniú orthu go rialta chun a chinntiú go seachadtar an tseirbhís is fearr is féidir. Tá Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta ÚRCTC ar fáil lena fheiceáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.⁹

⁹ Féach <https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/ahbra-customer-charter/>

Rochtain ar Fhaisnéis agus Comhlíonadh Sonraí



Rochtain ar Fhaisnéis agus Comhlíonadh Sonraí

Is bunluachanna de chuid ÚRCTC iad an trédhearcacht agus an chuntasacht. Dá réir sin, tá ÚRCTC tiomanta dá chleachtais tuairiscithe agus trédhearcachta a fheabhsú agus a fhorbairt, agus sonraí pearsanta agus íogaire á gcosaint go hiomchuí ag an am céanna. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcaoi ar chomhlíon ÚRCTC a oibleagáidí sonraí sa bhliain 2024 mionsonraithe thíos.

Saoráil Faisnéise

Tá ÚRCTC tiomanta do sheasamh le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta mar a cheanglaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (“an tAcht um Shaoráil Faisnéise”).

I gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, tá Scéim Foilseacháin chuimsitheach um Shaoráil Faisnéise forbartha ag ÚRCTC, lena gcinntítear go bhfuil rochtain éasca ag an bpobal ar fhaisnéis maidir lena struchtúr, lena fheidhmeanna agus lena sheirbhísí.

Chuir ÚRCTC 2 iarraidh i gcrích faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana 2024. Bhain iarraidh amháin le gníomhaíochtaí rialála ÚRCTC maidir le CTC sonraithe agus leis na sonraí eile a iarradh maidir le cuntais bhainc agus ráitis chárta creidmheasa ÚRCTC le haghaidh míonna áirithe. Tar éis na meastóireachta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, bhí an dá iarraidh mar chuid de na hiarratais a dheonaigh ÚRCTC agus cuireadh taifid ar fáil do na hiarrthóirí laistigh de na hamhlínte reachtúla.

Fuair ÚRCTC roinnt iarratas Shaoráil Faisnéise eile, ar aistríodh ceann amháin acu chuig údarás áitiúil, agus ceann amháin ar déileáladh leis lasmuigh de Shaoráil Faisnéise. Tarraingíodh siar an chuid eile, den chuid is mó tar éis dul i dteagmháil leis an iarrthóir chun míniú a thabhairt ar na cineálacha taifead a dhéanann agus nach gcoinníonn ÚRCTC.

Tá sonraí faoi iarratais neamhphearsanta um Shaoráil Faisnéise, mar aon le faisnéis eile a foilsíodh faoinár Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise, ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRCTC.

Nochtadh Cosanta

Tá ÚRCTC tiomanta do chultúr oscailte agus cuntasachta a chothú, ag spreagadh oibrithe chun aon éagóir amhrasta a thuairisciú.

Ina theannta sin, is “Duine Forordaithe” é ÚRCTC maidir le gach ábhar a bhaineann le rialáil CTCanna de bhun Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), tá Beartas cuimsitheach maidir le Nochtadh Cosanta agus bealaí inmheánacha agus seachtracha bunaithe ag ÚRCTC chun tuairisciú den sórt sin a éascú agus tá sonraí foilsithe aige ar a shuíomh gréasáin.

Fuair ÚRCTC 4 nochtadh cosanta seachtracha sa bhliain 2024. Rinneadh gach ceann acu a mheasúnú agus a bhainistiú i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe ÚRCTC. Amhail ón 31 Nollaig 2024, dúnadh 3 cinn de na tuarascálacha a fuarthas, agus rinneadh measúnú ar 1 tuarascáil amháin.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach sa bhliain 2024. Tá ÚRCTC tiomanta i gcónaí do thimpeallacht a chothabháil inar féidir ábhair imní a chur in iúl gan eagla a bheith ann roimh phionósú.



Iarratais ar Rochtain ar an gComhshaol

Tugann na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) 2007-2018 an ceart do dhaoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh Údarás Poiblí nó ar a son.

Ní bhfuair ÚRCTC aon iarratas ar Rochtain ar an gComhshaol" sa bhliain 2024.

Ceisteanna ón Oireachtas

Fuair agus d'fhreagair ÚRCTC 2 cheist pharlaiminteacha sa bhliain 2024. Tá bosca poist tiomnaithe ag ÚRCTC do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí chun próiseas cuíchóirithe le haghaidh freagraí a thairiscint.

Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá ÚRCTC tiomanta do chloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. I gcomhréir le hAlt 4B d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá bainisteoir sinsearach ceaptha ag ÚRCTC chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid dualgas reachtúil teanga.

Cosaint Sonraí agus RGCS

Agus feidhmeanna agus gníomhaíochtaí reachtúla ÚRCTC á ndéanamh aige faoin Acht Tithíochta (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, téann ÚRCTC i ngleic le sonraí pearsanta a bhaineann le páirtithe seachtracha, lena n-áirítear daoine aonair agus gnólachtaí araon, agus féadfaidh sé na sonraí sin a phróiseáil. Go háirithe, faigheann ÚRCTC sonraí ó CTCanna, ó bhaill den phobal, ó thríú páirtithe, ó ranna

rialtas, ó chomhlachtaí stáit, ó údaráis rialála, agus ó eagraíochtaí eile, a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh iontu. Dá bhrí sin, tá ÚRCTC tiomanta do chultúr láidir a chothú maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi phrionsabail cosanta sonraí.

Rinne ÚRCTC dul chun cinn suntasach maidir lena chomhlíontacht cosanta sonraí a neartú le linn na bliana 2024. Tar éis Anailís chuimsitheach ar Bhearnaí Cosanta Sonraí a rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) go luath sa bhliain, d'éirigh le ÚRCTC gach gníomhaíocht ardtosaíochta agus mheántosaíochta a áirítear sa phlean gníomhaíochta ina dhiaidh sin a chur chun feidhme.

Leanadh den obair ar dhoiciméadacht agus ar chleachtais a fheabhsú, agus béim shoiléir á leagan ar chosaint sonraí a chorprú trí dheardh. Áiríodh leis sin maoir sonraí a cheapadh ó gach rannán ÚRCTC chomh maith le Meitheal inmheánach um Chomhlíonadh Sonraí a bhunú. Is é is aidhm do na bearta sin a áirithiú go mbeidh eolas agus prionsabail maidir le cosaint sonraí agus comhlíonadh leabaithe i gcultúr agus in oibríochtaí eagraíochtúla ÚRCTC.

Thaifead ÚRCTC sárú sonraí amháin le linn na bliana 2024 mar gheall ar earráid dhaonna. Taifeadadh go raibh riosca íseal ag baint leis an sárú agus níor tuairiscíodh don Choimisinéir Cosanta Sonraí é toisc gur measadh nach dócha go mbeadh riosca ann d'ábhair sonraí dá bharr.

Iarratas Duine ar a S(h)onraí

Sa bhliain 2024, ní bhfuair ÚRCTC aon iarratas Duine ar a S(h)onraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Bíonn ÚRCTC tiomanta i gcónaí seasamh le cearta daoine aonair rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus le nósanna imeachta seanbhunaithe chun iarratais Duine ar a S(h)onraí a láimhseáil go pras agus i gcomhréir iomlán le ceanglais RGCS.

Rialú ar ÚRCTC



Rialú ar ÚRCTC

Leagtar amach socruithe rialachais chorparáidigh ÚRCTC go príomha ina reachtaíocht rialaithe, an tAcht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019. Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann ÚRCTC an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit freisin. Tá ÚRCTC tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde a choinneáil, ag cinntiú trédhearcachta, cuntasachta agus maoirseachta éifeachtach ina oibríochtaí.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar shocruithe rialachais ÚRCTC chun a chinntiú go gcomhlíontar a oibleagáidí reachtúla agus go gcloítear i gcónaí leis an dea-chleachtas i rialachas corparáideach.

Ról an Bhoird

Tá an fhreagracht deiridh ar Bhord ÚRCTC as na feidhmeanna reachtúla a leagtar amach in Acht na dTithe (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe) 2019 a chomhlíonadh. Áirítear leis seo treo straitéiseach a leagan síos, maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialála, agus rialachas agus bainistíocht riosca éifeachtach a chinntiú. Mar chomhlacht rialaithe an Rialálaí, leagann an Bord síos cuspóirí straitéiseacha agus déanann sé cinntí tábhachtacha maidir le conas a chuirtear na feidhmeanna rialála sin i gcrích.

I gcomhréir le Sceideal Toscaireachtaí ÚRCTC, tá roinnt cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla tarmligthe ag an mBord chuig an

bPríomhfheidhmeannach agus chuig comhaltaí sinsearacha feidhmiúcháin eile. Coinníonn an Bord cuntasacht agus maoirseacht fhoriomlán ar fheidhmeanna tarmligthe.

Coinníonn an Bord údarás freisin maidir le cinntí tábhachtacha trí Sceideal foirmiúil Ábhair atá Forchoimeádta don Bhord. Cinntíonn an creat seo, agus an bhainistíocht ag láimhseáil oibríochtaí laethúla, go gcoimeádann an Bord maoirseacht agus smacht ar shaincheisteannta suntasacha agus straitéiseacha, ag teacht lena oibleagáidí rialála.

Comhdhéanamh an Bhoird

Forálann an Sceideal a ghabhann le hAlt 8 den Acht Tithíochta (Rialáil Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe), 2019 nach mór do Bhord ÚRCTC nach mó ná 11 agus nach lú ná 5 chomhalta a bheith ann. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht na comhaltaí, agus ceapann sé an Cathaoirleach freisin as measc chomhaltaí an Bhoird.

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí 8 gcomhalta (4 fhir agus 4 mhná) ar an mBord. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i gcomhaltas an Bhoird Stáit.

Comhaltaí Boird ÚRCTC



Eddie Lewis
(Cathaoirleach)



Seamus Neely
(Comhalta Boird)



Eileen Gleeson¹⁰
(Comhalta Boird)



Geraldine Hynes
(Comhalta Boird)



Jillian Mahon
(Comhalta Boird)



John McCarthy
(Comhalta Boird)



An Dr. Oonagh Breen
(Comhalta Boird)



Michael Cameron
(Comhalta Boird)



Orla Coyne
(Comhalta Boird)

Cruinnithe Boird agus Tinreamh

Tagann an Bord le chéile go rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar threo straitéiseach agus ar fheidhmíocht oibríochtúil ÚRCTC. Le linn na bliana 2024, tionóladh 10 gcruinniú Boird inar breithníodh roinnt cúrsaí straitéiseacha, lena n-áirítear ceadú Ráiteas Straitéise ÚRCTC 2025-2028 agus cur i bhfeidhm leasuithe reachtaíochta a tugadh isteach leis an Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2024.

Bhreithnigh an Bord na nuashonruithe rialta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta ráithiúla, buiséad bliantúil agus ráiteas airgeadais)
- Creat bainistíochta riosca ÚRCTC
- Tuarascálacha ón gCoiste Dlí agus Rialála
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

¹⁰ D'éirigh Eileen Gleeson as Bord ÚRCTC i mí Mheán Fómhair 2024.

Seo a leanas líon na gcrúinnithe ar fhreastail gach ball den Bhord orthu sa bhliain 2024:

Freastal ar Chruinniú an Bhoird sa bhliain 2024											
Comhalta Boird Ainm	An 08 Feabhra	An 12 Márta	An 16 Aibreán	An 21 Bealtaine	An 18 Meitheamh	An 30 Iúil	An 10 Meán Fómhair	An 15 Deireadh Fómhair	An 05 Samhain	An 27 Samhain	Iomlán
Edward Lewis (Cathaoirleach)	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	10
An Dr. Oonagh Breen	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair (go páirteach)	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair (go páirteach)	8
Michael Cameron	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	As láthair	6
Orla Coyne	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	9
Eileen Gleeson*	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	As láthair	N/B	N/B	N/B	4
Geraldine Hynes	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	9
Jillian Mahon	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	10
John McCarthy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	10
Séamus Neely	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	10

*D'éirigh Eileen Gleeson as Bord ÚRCTC i mí Mheán Fómhair 2024.

Coistí an Bhoird

Mar a leagtar amach in Acht 2019, féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh leis agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh aon cheann nó gach ceann dá fheidhmeanna agus chun cibé feidhmeanna a tharmligfidh an Bord a chomhlíonadh.

Feidhmíonn gach coiste faoi théarmaí tagartha sainithe, ina leagtar amach a raon feidhme agus a fhreagrachtaí. Tagann coistí le chéile go rialta agus tuairiscíonn siad a dtuairimí agus a moltaí don Bhord, rud a éascaíonn cinnteoireacht fheasach agus rialachas éifeachtach. I gcás ina bhfuil údarás tarmligthe ag coistí chun feidhmeanna sonracha a bhainistiú, coinníonn an Bord na freagrachtaí deiridh maidir leis na cinntí agus na gníomhaíochtaí uile a dhéantar.

Tá 2 Choiste bunaithe ag Bord ÚRCTC:

1. Coiste Dlí agus Rialála

Tacaíonn an Coiste Dlí agus Rialála leis an mBord agus maoirseacht á déanamh aige ar chreat reachtaíochta ÚRCTC agus ar a chur chuige rialála. Rinne an coiste Dlí agus Rialála faireachán ar fhorbairt na leasuithe reachtach ar Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 a achtaíodh go déanach sa bhliain 2024 trí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024 agus bhreithnigh sé an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chreat rialála ÚRCTC, i measc nithe eile.

Reáchtáil an Coiste Dlí agus Rialála 4 chruinniú sa bhliain 2024 agus thuairiscigh sé don Bhord go ráithiúil. Is comhaltaí Boird iad comhaltaí uile an Choiste Dlí agus Rialála agus tá sonraí maidir lena bhfreastal leagtha amach thíos:

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Dlí agus Rialála	Orla Coyne (Cathaoirleach)	Geraldine Hynes	Michael Cameron	Séamus Neely
An 24 Eanáir	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An 22 Aibreán	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An 10 Iúil	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An 13 Samhain	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Tinreamh don Bhliain Iomlán	4	4	4	4

Tábla 5. Freastal ar Chruinnithe an Choiste Dlí agus Rialála sa bhliain 2024

2. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacú leis an mbord i dtaca lena fheagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaoimhar. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú rialta ar an gcreat rialaithe ag ÚRCTC agus tugann sé dearbhú don Bhord maidir le héifeachtacht an chreata. Coinníonn sé maoirseacht ar bun freisin ar cheanglais rialachais níos leithne ag ÚRCTC mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus sa treoraíocht gaoimhar.

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile go rialta sa bhliain 2024 le 4 chruinniú le linn na bliana. Thug sé tuairisc don Bhord tar éis gach cruinniú, chomh maith le tuarascáil bhliantúil i scríbhinn a chur i láthair.

Bhí 5 chomhalta ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn na bliana 2024 – ceithre chomhalta den Bhord agus comhalta seachtrach amháin leagtar amach thíos sonraí maidir le freastal gach comhalta ar chruinnithe:

Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca	Jillian Mahon (Cathaoirleach)	An Dr. Oonagh Breen	Eileen Gleeson*	Patricia Golden**	John McCarthy
An 31 Eanáir	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An 8 Bealtaine	I láthair	I láthair	As láthair	As láthair	I láthair
An 22 Iúil	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An 21 Deireadh Fómhair	I láthair	I láthair	N/B	I láthair	I láthair
Tinreamh don bhliain iomlán	4	4	2	3	4

Tábla 6. Freastal ar Chruinniú an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca 2024

* D'éirigh Eileen Gleeson as an mBord agus an CIR i mí Mheán Fómhair 2024.

** Chuaigh Patricia Golden isteach sa Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca mar chomhalta seachtrach an 8 Nollaig 2023.

Éifeachtacht an Bhoird

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, déanann Bord ÚRCTC meastóireacht bhliantúil ar a éifeachtacht chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith éifeachtach maidir lena shainordú a chur chun feidhme. Déanann Bord ÚRCTC athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha gach ceann dá choistí agus déanann sé faireachán leanúnach ar a chumhachtaí agus ar a fheidhmeanna forchoimeáda agus tarmlichthe.

Sa bhliain 2024, tugadh athbhreithniú seachtrach ar Bhord ÚRCTC agus ar Fhochoistí Boird chun críche. Tugadh faoi deara san athbhreithniú fianaise shuntasach ar phróisis dhearfacha agus ar éifeachtacht i roinnt mhaith réimsí d'obair an Bhoird. Moladh amháin, a bhreithnigh agus a ghníomhaigh an Bord le bliain anuas, ná a riachtanais scileanna, éagsúlachta agus taithí a aithint agus a chur in ord tosaíochta roimh aon fholúntais ina bhallraíocht.

Bainistíocht Riosca


Aithníonn ÚRCTC nach féidir riosca a sheachaint agus a chuspóirí straitéiseacha á mbaint amach aige. Chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe i gcultúr na heagraíochta agus chun riosca a bhainistiú go héifeachtach, d'fhorbair ÚRCTC Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Inghlathachta Riosca, chomh maith le Clár Riosca Teicneolaíochta Corparáideacha agus Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chothabháil.

Is é an Bord atá freagrach ar deireadh as riosca, agus is mír bhuan é bainistiú riosca ar chláir oibre an Bhoird. Tá Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí ceaptha ag an mBord chun riosca a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú.

Tá ról maoirseachta neamhspleách ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca maidir le bainistiú riosca agus déantar é sin a ionchorprú i dtéarmaí tagartha an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar na dearbhuithe eagraíochtúla a bhaineann le bainistiú riosca, próisis riosca, clár riosca agus déanann sé faireachán ar éifeachtacht an bhainistithe riosca thar ceann an Bhoird. Is mír bhuan í an bhainistíocht riosca freisin le haghaidh chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Measann ÚRCTC go bhfuil an fhoireann uile freagrach as riosca a shainaithint agus a bhainistiú agus is cur chuige ó bhun aníos agus ó bharr anuas é an creat bainistíochta riosca. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas maidir le Polasaí Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Inghlathachta Riosca sula bhformheasann an Bord é go críochnaitheach. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach gach ráithe agus déanann an Bord athbhreithniú air gach mí.

Sa bhliain 2024, tugadh an mhaitrís scórála riosca cothrom le dáta tar éis na moltaí ó iniúchadh inmheánach bainistíochta riosca a rinneadh sa bhliain 2023. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an maitrís seo agus cheadaigh an Bord í.



Tábla 7. Rialachas Riosca in ÚRCTC

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag ÚRCTC i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhainistiú trí sholáthraí seachtrach.

Tá cairt iniúchóireachta agus straitéis iniúchóireachta inmheánaí ag ÚRCTC (2022-2026). Rinne an soláthraí seachtrach clár cuimsitheach oibre sa bhliain 2024 mar a comhaontaíodh leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Rinneadh na hiniúchtaí seo a leanas le linn na bliana 2024:

- Cumarsáid agus Plé le Páirtithe Leasmhara
- Faireachán ar CTCanna
- Athbhreithniú ar Mholtaí na Bliana roimhe
- Rialuithe Inmheánacha.

Fuair gach iniúchadh rátáil shásúil, arb í an rátáil dearbhaithe is airde is féidir a thabhairt.

Maoirseacht agus Ráthaíocht

Coinníonn ÚRCTC socruithe tuairiscithe struchtúrtha ar bun lena mháthair-roinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun maoirseacht éifeachtach a chinntiú.

Tá Comhaontú Maoirseachta foirmiúil bunaithe ag ÚRCTC agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht atá dírithe ar chuntasacht a éascú agus sainchúram reachtúil agus neamhspleáchas ÚRCTC á gcaomhnú ag an am céanna. Tá an Comhaontú Maoirseachta seo bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus déantar athbhreithniú air gach bliain.


Mar chuid den chomhaontú sin, cuireann ÚRCTC sonraí ar fáil maidir lena ghealltanais chistiúcháin agus acmhainní mar aon le spriocanna sainithe agus táscairí feidhmíochta óna phlean oibre. Tháinig ÚRCTC agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le chéile go ráithiúil sa bhliain 2024 chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar dhul chun cinn ÚRCTC i dtreo a chuspóirí a bhaint amach go héifeachtach.

Eitic agus Bainistíocht Coimhlinte

Feidhmíonn Bord ÚRCTC faoi Chód Iompair soiléir ina leagtar amach na caighdeáin maidir le hiompar eiticíúil agus cuntasacht. Ghlac an Bord freagrachtaí áirithe air féin go deonach faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus éilíonn sé ráitis bhliantúla leasa a chur isteach do gach Bord agus do gach ball foirne ábhartha.

Tá Beartas Coinbhleachtaí Leasa glactha ag an mBord freisin chun coinbhleachtaí leasa féideartha a aithint agus a bhainistiú chomh maith le bheith ag teacht le ceanglais Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 maidir le nochtadh aon leasanna ábhartha. Lorgaítear dearbhuithe leasa ó chomhaltaí ag gach cruinniú Boird agus coiste.

Struchtúr Eagraíochta



Tábla 8. Struchtúr Eagrúcháin ÚRCTC

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as ÚRCTC a bhainistiú agus a riar ó lá go lá agus tuairiscíonn sé go díreach don Bhord. Is í an fhoireann Feidhmiúcháin atá ag tacú leis an bPríomhfheidhmeannach, ina bhfuil bainisteoirí sinsearach a dhéanann maoirseacht ar phríomhréimsí feidhme. Tá an fhoireann Feidhmiúcháin freagrach as na straitéisí agus na beartais arna leagan síos ag an mBord a chur chun feidhme, as an bhfoireann a bhainistiú agus as a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí rialála ÚRCTC.

Amhail ón 31 Nollaig 2024, bhí na daoine seo a leanas ar fhoireann feidhmiúcháin ÚRCTC:

- Fergal O’Leary, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Leona McMahon – Ceannasaí Gnóthaí Dlí agus Comhlíonadh
- Paula Nyland, Ceannasaí Rialála (Clárú agus Measúnuithe)

- Antonia Smyth, Ceannasaí Rialála (Maoirseacht Rialála agus Cumarsáid)
- Kerrie-Ann Doyle, Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha

Forbraíonn gach rannóg pleananna oibre bliantúla ina leagtar amach spriocanna, tionscnaimh agus garspriocanna sonracha atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha ÚRCTC. Formheasann an Príomhfheidhmeannach na pleananna seo agus déanann an Bord athbhreithniú orthu. Cuireann an fhoireann Feidhmiúcháin tuarascálacha tréimhsiúla faoi bhráid an Bhoird ina sonraítear an dul chun cinn i gcomparáid leis na pleananna oibre comhaontaithe, lena n-áirítear na príomh-éachtaí agus na príomh-dhúshláin a tháinig chun cinn.

Acmhainní Daonna



Acmhainní Daonna

Tá lucht saothair oile a bhfuil taithí acu rithábhachtach chun go n-éireoidh le ÚRCTC Tá ÚRCTC tiomanta d'eagraíocht a thógáil a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí aige ar gach leibhéal den eagraíocht agus go n-úsáidtear na hacmhainní sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Agus an lucht saothair á thógáil agus á fhorbairt i gcónaí, díriodh go príomha sa bhliain 2024 ar earcú foirne agus ar fhorbairt foirne.

Earcaíocht

Tá cead faighte ag ÚRCTC ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht do 38 ball foirne. Bhí béim láidir ar earcaíocht le linn na bliana 2024 agus reáchtáladh 15 chomórtas le linn na bliana. Bhí an timpeallacht earcaíochta sa bhliain 2024, mar a bhí sna blianta roimhe seo, dúshlánach, agus bhí láimhdeachas suntasach ag ÚRCTC sa fhoireann le linn na bliana.

Oibríonn ÚRCTC go dlúth le comhpháirtí earcaíochta seachtrach chun gach comórtas earcaíochta a riar agus fógraítear gach ról tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtas earcaíochta thar ceann ÚRCTC le haghaidh POF nua. Líonadh an ról sin go rathúil i mí Mheán Fómhair 2024.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 30 ball foirne Lánaimseartha ag obair le ÚRCTC.

Foghlaim agus Forbairt

Soláthraíonn ÚRCTC meascán de dheiseanna oiliúna inmheánacha agus seachtracha dá fhoireann. Cuireann sé sin ar chumas na mball foirne tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna atá acu cheana agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ábhartha scileanna a aithníodh.

I measc na n-ábhar oiliúna inmheánaí a cuireadh ar fáil d'fhoireann ÚRCTC sa bhliain 2024 bhí:

- Nochtadh Cosanta
- Coinbheachtaí Leasa
- Cosaint Sonraí
- Clárú agus Incháilitheacht
- Bainistíocht Riosca.

Thug roinnt ball foirne faoi chúrsaí oiliúna seachtracha ar bhonn aonair freisin chun na scileanna sonracha a theastaíonn ina réimsí oibre a neartú. Áiríodh orthu sin:

- Dioplóma san Anailís Sonraí
- Teastas Gairmiúil i Rialachas
- Forbairt Tithíochta agus Bunphrionsabail Airgeadais
- Ceardlann maidir le Sceithreacht agus Nochtadh Cosanta.

Chomh maith leis an méid thuas, chuaigh ÚRCTC i dteagmháil le soláthraí oiliúna seachtrach chun clár foghlama agus forbartha dhá lá a fhorbairt do gach ball foirne a chumhdaíonn Prionsabail na Dea-Rialacháin agus Scileanna Bunúsacha don Fhoireann Rialála. Tá sé beartaithe clár scileanna-bhunaithe níos sainiúla a fhorbairt mar chuid de chlár cuimsitheach Foghlama agus Forbartha.

Bainistíocht Feidhmíochta

Oibríonn ÚRCTC Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Is próiseas foirmiúil meastóireachta é Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta trínar féidir le baill foirne cuspóirí oibre aonair a shainithint atá ag teacht le cuspóirí eagraíochtúla níos leithne ÚRCTC agus breithniú a dhéanamh ar na cuspóirí sin a bhaint amach ag eatraimh iomchuí le linn tréimhse 12 mhí. Socraítear cuspóirí do gach ball foirne ar bhonn bliantúil, tar éis an phróisis pleanála corparáidí. Soláthraíonn cuspóirí an creat le haghaidh cuntasachta agus cuireann siad comhráite chun cinn idir an bainisteoir agus an ball foirne chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn na bliana. Úsáidtear é chun aighneachtaí aonair a shainithint, aiseolas a sholáthar maidir le feidhmíocht, agus chun cabhrú le réitigh a shainithint ar aon le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Cuidíonn úsáid Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta le ÚRCTC a chinntiú go bhfuil gach iarracht ailínithe le cuspóirí eagraíochtúla agus go bhfuil na huirlisí agus an tacaíocht is gá ag gach ball foirne chun riachtanais a ról a chomhlíonadh. Is deis é freisin chun réimsí a shainithint d'fhorbairt agus d'fhás daoine aonair agus na heagraíochta ina hiomláine.

Sa bhliain 2024, rinne ÚRCTC measúnú ar a Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chun a éifeachtacht a chinneadh. Forbraíodh doiciméad próisis nua chun tacú leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann an próiseas a thabhairt chun críche, a chuirfear chun feidhme sa bhliain 2025.



Obair Chumaisc

Mar chomhlacht eárnála poiblí, tá ÚRCTC tiomanta don Chreat Beartais Oibre Chumaisc arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Aithníonn ÚRCTC na buntáistí a bhaineann le hobair chumaisc agus tá sé tiomanta tacú le timpeallacht oibre chumaisc, leanúint d'eagraíocht dhinimiciúil, lúfar agus fhreagrúil a thógáil, agus caighdeán láidre feidhmíochta agus ardleibhéil táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna.

Ní mór do bhaill foirne iarratas bliantúil a dhéanamh chuig ÚRCTC chun leas a bhaint as socrú oibre cumaisc agus tá feidhm ag roinnt critéar, lena n-áirítear riachtanais ghnó na heagraíochta agus oiriúnacht ról aonair.

Sa bhliain 2024, d'oibrigh ÚRCTC ar bhonn ceanglas maidir le freastal oifige 2 lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad agus ar bhonn lá éigeantach amháin 'gach ball foirne' in aghaidh na coicíse.

Tá an obair chumaisc mar chuid de thiomantas ÚRCTC a bheith ina Fhostóir Rogha.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cearta Daonna

Tá bearta i bhfeidhm ag ÚRCTC a thugann aghaidh ar a thiomantas don Chomhionannas agus don Éagsúlacht trína bheartais agus a nósanna imeachta agus ina rannpháirtíocht le fostaithe. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí ÚRCTC na céimeanna a ghlacfaidh ÚRCTC chun an ceart chun córa comhionainne a chinntiú agus chun freastal ar an éagsúlacht.

Tá Lámhleabhar AD forbartha ag ÚRCTC a thugann aghaidh ar a chur chuige maidir le héagsúlacht, comhionannas, dínit agus meas ag an obair agus folláine na foirne. Leagtar amach sa Lámhleabhar Acmhainní Daonna freisin beartais ÚRCTC maidir le comhionannas agus éagsúlacht. Tá nós imeachta gearán bunaithe ag ÚRCTC trínar féidir le foireann ÚRCTC gearáin maidir le hidirdhealú nó cóir dhiúltach a chur isteach.

Soláthar

Mar chomhlacht eárnála poiblí, ceanglaítear ar ÚRCTC próisis soláthair a leanúint atá i gcomhréir leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú.

Sa bhliain 2024, thug ÚRCTC faoi 3 chomórtas soláthair náisiúnta ar eTenders a bhí os cionn €50,000 (móide CBL) i luach agus faoi 10 gcomórtas a bhí faoi bhun €50,000 (móide CBL) i luach.

D'eisigh ÚRCTC 6 shíneadh ar litreacha conartha chuig soláthraithe tríú páirtí sa bhliain 2024 chun leanúint ar aghaidh le conarthaí atá ann cheana go ceann 12 mhí eile.

D'fhorpheas an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca Plean ÚRCTC um Sholáthar Corparáideach an 21 Deireadh Fómhair 2024. Le linn na bliana 2024, mar a tharla i ngach bliain, d'oibrigh foireann Seirbhísí Corparáideacha ÚRCTC le gach cuid de ÚRCTC chun a áirithiú go ndearnadh soláthar na n-earraí agus na seirbhísí uile i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, le Treoirlínte OGP agus le Lámhleabhar ÚRCTC um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais.

Gníomhú ar son na hAeráide

Comhlíonann ÚRCTC a cheanglais tuairiscithe faoi I.R. Uimh. 426/2014 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. Uimh. 426 de 2014) trína astaíochtaí aeráide a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar bhonn bliantúil. Éascaítear é sin trí chóras leanúnach faireacháin agus tuairiscithe ÚRCTC.

Tá ÚRCTC lántiomanta a lorg carbóin a laghdú 51% faoin mbliain 2030 i gcomhréir leis na hoibleagáidí a chuirtear ar gach comhlacht poiblí. Sa bhliain 2024, laghdaigh ÚRCTC priontáil agus dáileadh a chuid foilseachán go suntasach. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, is ar líne amháin a dháilfear foilseacháin ÚRCTC, agus ní bheidh leaganacha clóite ar fáil ach amháin arna iarraidh sin.

Aguisín A: Ráitis Airgeadais 2024



Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an
31 Nollaig 2024

Clár Ábhair

Eolas Ginearálta.....	56
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí	57
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	62
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.....	64
Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe.....	66
Ráiteas loncaim Chuimsithigh.....	67
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	68
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	69
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	70



Eolas Ginearálta

Comhaltaí an Rialálaí:

Eddie Lewis (Cathaoirleach)
Séamus Neely
Geraldine Hynes
Jillian Mahon
John McCarthy
Oonagh Breen
Michael Cameron (An Ríocht Aontaithe)
Eileen Gleeson (D'éirigh as ar an 18 Meán Fómhair 2024)
Orla Coyne (D'éirigh as ar an 20 Eanáir 2025)

Foireann Ardbhainistíochta:

Susanna Lyon - POF (D'éirigh as 25 Aibreán 2024)
Fergal O'Leary - POF (Ceapadh é ar 9 Meán Fómhair 2024)
Steven Sheridan - Ceannasaí Formhaoirseachta Rialála (D'éirigh as ar an 5 Eanáir 2024)
Antonia Smith - Ceannasaí Formhaoirseachta Rialála (Ceapadh ar an 20 Márta 2024)
Paula Nyland - Ceannasaí Clárúcháin agus Measúnachta
Leona McMahon – Ceannasaí Gnóthaí Dlí
Kerrie-Ann Doyle, Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha
(Ón 6 Feabhra 2024)

Ceannoifig:

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe,
Teach Grattan Urlár 4,
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638

Uimhir Theileafóin:

01 224 3900

Suíomh gréasáin:

www.ahbregulator.ie

Ríomhphost:

info@ahbregulator.ie

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Baincéirí:

Danske Bank
International House (Urlár 3)
3 Plás Mháistir an Chuain IFSC
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

Aturnaetha:

FieldfisherThe Capel Building
Mainistir Mhuire
Baile Átha Cliath 7
D07 N4C6

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Tabharfar ÚRCTC ar oibríochtaí na heagraíochta agus tabharfar an Rialálaí ar bhord ÚRCTC síos tríd na ráitis airgeadais. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht naoi gcomhalta den Rialálaí Tá sé de chúram ar ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil chun tacú le rialachas níos láidre agus le hinmharthanacht airgeadais na hearnála CTC, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na hinfheistíochta suntasaí poiblí atá á déanamh i soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna. Is é aidhm ÚRCTC dearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don earnáil CTC féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhearálaithe sheasmhach. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí an Rialálaí i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach in Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 (an tAcht). Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Rialálaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

- clár CTCanna a bhunú agus a choimeád,
- daoine a chlárú mar CTCanna,
- dréachtchaighdeán a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,
- faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, go háirithe ar na Caighdeáin cheadaithe
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5,
- faoi Chuid 6, tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal,
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CTCanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais, amhail eolas agus comhairle a sholáthar, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- chun feasacht agus tuiscint ar an Acht seo a chur chun cinn, cibé eolas a chur ar fáil a mheasann an Rialálaí go bhfuil sé oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,

- cibé eolas a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha feidhmiú feidhmeanna an Rialálaí, agus
- eolas dá leithéid a fhoilsiú (lena n-áirítear eolas staitistiúil) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Tá an Rialálaí freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar chúrsaí tábhachtacha gnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta ÚRCTC ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an Rialálaí agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Rialálaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Rialálaí agus bainistíocht ÚRCTC.

Freagrachtaí ÚRCTC

Tá ÚRCTC freagrach as CTCanna a rialáil, chun críocha sócmhainní tithíochta arna soláthar nó arna mbainistiú ag comhlachtaí den sórt sin a chosaint. Tá ÚRCTC freagrach as clár CTCanna a chur ar bun agus a choimeád, as caighdeáin a leagan síos, as faireachán agus measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcaighdeán, as rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr a spreagadh agus a éascú laistigh de CTCanna, as cur chun cinn an Achta agus feasacht air, agus as bailiú agus foilsiú eolas áirithe faoi CTCanna. Tá sé de chumhacht ag ÚRCTC freisin imscrúduithe a dhéanamh agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal.

Ceanglaítear le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 ar an Rialálaí, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitithe.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rialálaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoirimhiú go leanfaidh sé ar aghaidh a bheith ag feidhmiú, agus
- a lua ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gclóinn na Ráitis Airgeadais le hAlt 21 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin ÚRCTC.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht ÚRCTC trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil. Tá an Rialálaí freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaais agus neamhrialtachtaí eile a chos agus a bhrath. Breithníonn an Rialálaí go dtugann Ráitis Airgeadais ÚRCTC léiriú fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚRCTC amhail ar an 31 Nollaig 2024.

Ceanglaítear le hAlt 8 den Acht ar ÚRCTC glacadh le Cód lompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas a ghnólachta a chur chun cinn. Tá an Cód lompair ar ghlac ÚRCTC leis ar fáil ar a [shuíomh gréasáin](#). Tá forálacha an Chóid lompair i gcomhréir freisin le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Struchtúr an Rialálaí

Cuimsítear leis an Rialálaí an Cathaoirleach agus 7 ngnáthchomhalta, agus is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a cheapann gach duine acu i ndiaidh próiseas a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcrích. Ceapadh comhaltaí an Rialálaí ar feadh tréimhse cúig bliana agus tá rogha ann chun síneadh a chur le téarma breise amháin.

Comhalta Rialála	Ról	An Dáta ar ar Ceapadh
Eddie Lewis	Cathaoirleach	11/02/2021
Séamus Neely	Comhalta Rialála	11/02/2021
Eileen Gleeson (D'éirigh as ar an 18 Meán Fómhair 2024)	Comhalta Rialála	11/02/2021
Geraldine Hynes	Comhalta Rialála	11/02/2021
Jillian Mahon	Comhalta Rialála	11/02/2021
John McCarthy	Comhalta Rialála	11/02/2021
Oonagh Breen	Comhalta Rialála	11/02/2021
Michael Cameron (An Ríocht Aontaithe)	Comhalta Rialála	11/02/2021
Orla Coyne (D'éirigh as ar an 20 Eanáir 2025)	Comhalta Rialála	11/02/2021

Bhunaigh an Rialálaí **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)** ar a bhfuil ceithre chomhalta (trí chomhalta den Rialálaí agus comhalta seachtrach amháin). Cheap an Rialálaí an comhalta seachtrach i mí na Nollag 2023. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca don Rialálaí i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca: Jillian Mahon, John McCarthy, Oonagh Breen agus Patricia Golden. Athcheapadh Jillian Mahon, John McCarthy agus Eileen Gleeson sa CIR le linn na bliana 2024. Bhí Eileen Gleeson ina gcomhalta go dtí gur éirigh sí as i mí Mheán Fómhair 2024. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacú leis an Rialálaí maidir lena fheagrachtaí i gcúrsaí a

bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá. Reáchtáladh ceithre chruinniú den CIR sa bhliain suas go dtí mí na Nollag 2024.

Bhunaigh an Rialálaí **Coiste Dlí agus Rialála**. Is iad téarmaí tagartha an Choiste tacú go sonrach leis an Rialálaí in athbhreithniú agus i maoirseacht chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orla Coyne, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2024.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh maidir le cruinnithe an Rialálaí agus an Choiste don bhliain go dtí mí na Nollag 2024, lena n-áirítear na táillí agus na costais a thuill gach comhalta.

	Rialálaí	An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca	An Coiste Dlí agus Rialála	Táillí 2024 €	Costais 2024 €
	10	4	4		
Eddie Lewis	10	-	-	8,978	-
Séamus Neely	10	-	4	5,985	448
Eileen Gleeson	4	2	-	4,489	-
Geraldine Hynes	9	-	4	5,985	-
Jillian Mahon	10	4	-	5,985	-
John McCarthy	10	4	-	5,985	216
Oonagh Breen*	8	4	-	-	16
Michael Cameron (An Ríocht Aontaithe)*	6	-	4	-	136
Orla Coyne	9	-	4	5,985	-
Patricia Golden*	-	3	-	-	-
				43,392	816

*Bhí dhá chomhalta, Oonagh Breen agus Michael Cameron (An Ríocht Aontaithe), nach bhfuair táillí Rialálaí faoi phrionsabal (OPOS) Duine Amháin Tuarastal Amháin. Ní íoctar luach saothair ar post Patricia Golden mar chomhalta seachtrach den CIR.

Príomhathruithe Pearsanra

D'fhág Susanna Lyons ÚRCTC mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 25 Aibreán 2024. Thosaigh Fergal O'Leary le ÚRCTC mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 9 Meán Fómhair 2024. Ghníomhaigh Leona McMahon (Ceann Dlí), mar POF idir an dá linn.

D'fhág Steven Sheridan (Ceann na Maoirseachta Rialála) ÚRCTC ar an 5 Eanáir 2024. Thosaigh Antonia Smyth mar Cheann na Maoirseachta Rialála ar an 20 Márta 2024. Ghníomhaigh Ken Jackson mar Cheann na Maoirseachta Rialála idir an dá linn.

Tugadh ardú céime do Paula Nyland (an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha roimhe seo) go Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe ar an 2 Deireadh Fómhair 2023. Níor thosaigh sí sa phost go dtí an 6 Feabhra 2024, áfach, nuair a thosaigh an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha nua. Ghníomhaigh Jenny Murphy mar Cheann Clárúcháin agus Measúnaithe idir an dá linn.

Thosaigh Kerrie-Ann Doyle mar Cheann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ar an 6 Feabhra 2024.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon sochar iomlán na bhfostaithe		Líon na bhFostaithe 2024	Líon na bhFostaithe 2023
Ó	Go		
€60,000	- €69,999	4	2
€70,000	- €79,999	1	2
€80,000	- €89,999	2	1
€90,000	- €99,999	-	-
€100,000	- €109,999	-	-
€110,000	- €119,999	-	1

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra. Íocadh liúntais ghníomhaithe ar leibhéal níos airde le ball foirne amháin le linn na bliana dar luach €7,622. Ní bhfuair fostaithe liúntais ragoibre ná aon íocaíochtaí eile.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2024 €'000	2023 €'000
Comhairle dlí	16	25
Tacaíocht Cumarsáide	25	-
Pinsin	5	7
Táillí gairmiúla	3	3
Comhairle soláthair	15	10
Sainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais	19	-
Bainistíocht Meastóireachta agus Measúnaithe	49	-
Sainchomhairleoireacht Bainistíochta Cáilíochta	57	-
Sainchomhairleoireacht Rialála	44	-
Costais iomlána sainchomhairleoireachta	233	45
Costais chomhairleoireachta caipitlithe	-	-
Gearrfar na costais sainchomhairleoireachta ar Chúlchistí loncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí loncaim Choimeádta	233	45
Iomlán	233	45

Costais Dlí agus Socruithe

Ní raibh aon chaiteachas sa bhliain tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair ÚRCTC a nochtar sna costais sainchomhairleoireachta thuas.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Bord		
- Inmheánach	1	-
- Idirnáisiúnta	-	1
Foireann		
- Inmheánach	2	1
- Idirnáisiúnta	-	-
Iomlán	3	2


Caiteachais Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	2024 €'000	2023 €'000
Fáilteachas foirne agus corparáideach	4	-
Iomlán	4	-

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Chomhlíon ÚRCTC an Cód le linn na bliana tuairiscithe.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26/05/2025

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) de réir Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Déanaim féin, mar Chathaoirleach an Rialálaí an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe agus admhaímid go bhfuil an Rialálaí freagrach as an gcóras um Rialú Inmheánach. D'fhág an Rialálaí an fhreagracht faoin bPríomhfheidhmeannach as déileáil le saincheisteanna bainistíochta agus oibriúcháin agus as tuairisciú don Rialálaí go rialta.

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú chun go mbeidh sé ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go mbraitear iad ar bhonn tráthúil.

Tá córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe - Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) bunaithe ag an Rialálaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Úsáideann ÚRCTC soláthraí seachtrach chun gach seirbhís chuntasaíochta agus párolla a sholáthar lena n-áirítear gach tuairisceán ábhartha. Déantar gach próiseas agus freagracht a dhoiciméadú ina lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais, lena n-áirítear faomhadh gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann le ÚRCTC, a d'athbhreithnigh agus a d'fhaomh foireann ardbhainistíochta ÚRCTC. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar phróisis rialaithe inmheánaigh ÚRCTC i mí na Samhna 2024 agus bhí toradh sásúil air.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cheap ÚRCTC soláthraí seachtrach trí sholáthar poiblí chun a sheirbhísí tacaíochta TFC go léir a sholáthar do ÚRCTC lena n-áirítear meicníochtaí slándála chun leordhóthanacht TFC, cibearshlándáil, réitigh

teicneolaíochta faisnéise agus tacaíochtaí a chinntiú chun feidhmeanna ÚRCTC a chumasú. Tá gach beartas agus nós imeachta ÚRCTC a bhaineann le TFC doiciméadaithe agus déanann foireann ardbhainistíochta ÚRCTC faireachán orthu.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas um Rialú Inmheánach ÚRCTC bunaithe ar chreat maidir le faisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis, go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air.
- Athbhreithnithe rialta ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm.
- Rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail cuí.
- Fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirilínte ábhartha go léir a chinntiú.
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca den Rialálaí (An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca) le téarmaí tagartha soiléire. Sceideal rialta maidir le cruinnithe de chuid an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca inar cuireadh tuairiscí nuashonraithe rialta ar chaiteachas ar fáil do chomhaltaí. Ardaítear aon cheisteanna leis an Rialálaí.
- Freagrachtaí bainistíochta sannta go soiléir, agus cuntasacht chomhfhreagrach doiciméadaithe sa lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais.
- Iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca (CIR) ag ÚRCTC ar a bhfuil trí chomhalta den Rialálaí agus comhalta seachtrach amháin a ceapadh i mí na Nollag 2023. Tháinig an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Cheap ÚRCTC feidhm iniúchta inmheánaigh trí phróiseas soláthair sa bhliain 2022. Cheadaigh an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca cairt iniúchta

agus straitéis iniúchta inmheánaigh (2022 -2026) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha sa bhliain 2024 inar clúdaíodh an méid seo a leanas: Athbhreithniú ar nósanna imeachta faireacháin agus measúnaithe CTCanna; Athbhreithniú ar chumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara (inmheánach agus seachtrach); Obair leantach ar mholtaí na bliana roimhe sin agus ar chórais rialuithe inmheánacha.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag ÚRCTC a leagann amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Chuir ÚRCTC córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe an Rialálaí freisin. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú .

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na tosa seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta shinsearaí athbhreithniú rialta air.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.



Eddie Lewis
Cathaoirleach

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Cuirtear easnaimh rialaithe, nuair a bhraitear iad, in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhnímid gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

Soláthar

D'fhorbair ÚRCTC nósanna imeachta chun cloí leis na rialacha agus na treoirínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Ró-íocaíocht ar an bPárola

Ró-íocadh suim de €4,837 le ball foirne mar gheall ar earráid chléireachais i ríomh an phá saoire a bhí dlite tráth na híocaíochta deiridh. Tá ÚRCTC ag plé leis an duine aonair chun an ró-íocaíocht a aisghabháil.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag ÚRCTC i dtaobh bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Deimhnímid go ndearna ÚRCTC athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024. Níor aithníodh aon laigí ann a raibh nochtadh ag teastáil ina leith. Tá ÚRCTC muiníneach ar bhonn réasúnach go bhfuil an córas um Rialú Inmheánach a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 éifeachtach.

Le linn na bliana ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024, leis an méid seo a leanas, cuirtear bonn eolais faoi faireachán an Rialálaí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh: -

- a. obair na n-iniúcháirí seachtracha;
- b. obair an iniúchta inmheánaigh;
- c. obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca; agus
- d. an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26/05/2025



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 de réir mar is gá faoi fhorálacha roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí fianaise an iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil an Rialtóra, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Irena Grzebieniak

Irena Grzebieniak
Ar son agus thar ceann
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Meitheamh 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Rialtóra

Leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil an rialtóra freagrachtaí an Rialtóra maidir le

ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid atá leagtha amach faoi alt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019.

a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102

rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaiocht cuí nó nach bhfuil, agus

an rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tuarascáil a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míshonrú ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

déanaim na rioscaí um mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise an iniúchta ar leor agus ar iomchuí i chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraithear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.

Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus na nochtáí lena mbaineann.

Cinnim ar chuibhiúlacht úsáide bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaiocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtáí sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go gcuirfidh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe stop le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar imeachtaí nó cúinsí amach anseo, áfach.

Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas maidir le, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó

mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó

nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim cineál ar bith de thátail dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	2	3,112	2,190
Ús Faighte		12	10
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	13	215	172
Ioncam Iomlán		3,339	2,372
Caiteachas			
Costais na mBall Foirne	3	1,709	1,394
Imscrúduithe	4	169	28
Táillí agus Costais Rialachais	5	65	46
Teicneolaíocht Faisnéise	6	119	123
Táillí Proifisiúnta	7	426	291
Cumarsáid	8	47	37
Costais oifige agus eile	9	375	443
Costais Sochair Scoir	13	215	172
Caiteachas Iomlán		3,125	2,534
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		214	(162)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 1 Eanáir		156	318
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 31 Nollaig		370	156

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26/05/2025

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	2024 €'000	2023 €'000
BARRACHAS/ (EASNAMH) DON BHLIAIN AIRGEADAIS	214	(162)
(Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	(132)	4
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	(70)	(52)
Gnóthachain / (caillteanais) iomlána achtúireacha in aghaidh na bliana	(202)	(48)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	202	48
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain	214	(162)

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Eddie Lewis
Cathaoirleach



Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26/05/2025

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Infháltais	10	104	96
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	11	595	384
		699	480
<u>Dliteanais reatha (Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin)</u>			
Suimeanna iníoctha	12	329	324
Glansócmhainní Reatha		370	156
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais Reatha		370	156
<u>Sochair Scoir</u>			
Oibleagáidí sochair scoir	13	(455)	(442)
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	13	455	442
		-	-
Glansócmhainní		370	156
<u>Ag léiriú</u>			
Cúlchistí Coimeádta loncaim		370	156
		370	156

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


Eddie Lewis
Cathaoirleach


Fergal O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26/05/2025

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain		214	(162)
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	10	(8)	8
(Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	12	5	167
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		211	13
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Aistrithe (chuig an)/ón gcuntas caipitil		-	-
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		-	-
Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		384	371
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		595	384

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac ÚRCTC leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Is é an ról atá ag an ÚRCTC ná maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) go léir. Tá a phríomhoifig ag an 4ú hUrlár, Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá ÚRCTC ina Eintiteas Tairbhe Phoiblí

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚRCTC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeán tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a léirítear i nDeontais an Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le comhthoiliú an Aire Caiteachais, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitiúla. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil ÚRCTC é.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Is iad na figiúirí comparáideacha don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023.

d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam costas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál

an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithiúnais seo a leanas ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Oibleagáidí Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhí:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardháilíochta; agus
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí agus dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

e) Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais ar bhonn fáltas airgid agus léiríonn sé maoiniú a sholáthraítear do ÚRCTC trí Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

f) Ioncam úis

Aithnítear ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi ioncam úis ar bhonn fáltas airgid agus léiríonn sé ús a fuair ÚRCTC sa tréimhse.

g) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Léirítear airgead tirim le taisce le hinstiúid airgeadais.

h) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus déantar iad a thaifeadadh ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conartha réamhcheannaigh nuair is ann do na conarthaí sin.

i) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Feidhmíonn ÚRCTC Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Tá gach ball foirne ina gcomhalta den Scéim Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Scéim Aonair foráil ar phinsin sochair atá sainithe de réir innéacs-nasctha praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme. Déanann ÚRCTC na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na mball foirne atá mar chuid den scéim agus aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir fhorálacha na Scéime.

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa. Bhog ÚRCTC isteach in áitreabh nua i mí Eanáir 2023 agus é lonnaithe go sealadach in oifigí na Gníomhaireachta Tithíochta ó bunaíodh í i mí Feabhra 2021. Tá suim €121K do léas an fhoirgnimh sna fabhráithe sna ráitis airgeadais, rud a léiríonn an meánchostas léasa bliantúil thar shaolré an léasa tar éis an tréimhse saor ó chíos a idirbheartaíodh a chur san áireamh. Réadaíodh tréimhse an léasa saor ó chíos sa bhliain 2023.

2. Deontais an Oireachtais

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht – Vóta 34 – Fotheideal A.26 – Caiteachas Reatha

2024 €'000	2023 €'000
3,112	2,190
3,112	2,190

3. Costais na mBall Foirne

Pá agus Tuarastail
ÁSPC Fostóirí
Oibrithe ar iasacht
Taisteal agus Cothú – Foireann (neamhphárolla)
Costais Foirne Eile (neamhphárolla)
Pá agus Tuarastail Iomlána

2024 €'000	2023 €'000
1,539	1,204
168	130
-	58
2	1
-	1
1,709	1,394

Asbhaineadh Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais agus Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) de réir riachtanais reachtúla. D'asbhain ÚRCTC €19,185 (2023: €14,857) de Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais sa bhliain 2024 agus íocadh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht é. D'asbhain ÚRCTC €73,316 (2023: €57,905) de SPSPS sa bhliain 2024 agus d'íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe é.

a) Líon na bhFostaithe

Ba é líon na mball foirne, lena n-áirítear iasachtaí agus gan foireann gníomhaireachta a áireamh, ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha) ná 30 (2023: 27).

b) Costais na Foirne agus Eolas Fostaithe

Nochtar miondealú ar shochair fostaithe faoi "Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe" sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Rialálaí.

c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair scoir le linn na bliana.

d) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a d'Éirigh As

Chríochnaigh Susanna Lyons a téarma mar POF ar an 25 Aibreán 2024. Fuair an POF a d'éirigh as íocaíochtaí tuarastail de €42,335.

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh Nuacheaptha

Thosaigh Fergal O'Leary a théarma mar POF ar an 9 Meán Fómhair 2024. Fuair an POF íocaíochtaí tuarastail de €32,017.

Is é seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a d'éirigh as agus an Phríomhfheidhmeannaigh nuacheaptha:

	2024 €'000	2023 €'000
Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a d'Éirigh As (go 25 Aibreán 2024)	43	112
Príomhfheidhmeannach Nuacheaptha (Ón 9 Meán Fómhair 2024)	32	-
	75	112

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach a d'éirigh as ná an Príomhfheidhmeannach nuacheaptha aon íocaíochtaí feidhmíochta nó aon sochar comhchineáil eile le linn na bliana. Ní théann teidlíochtaí pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair atá sainithe de réir na hearnála poiblí.

4. Imscrúduithe

	2024 €'000	2023 €'000
Imscrúdú	169	28
Costais Imscrúdaithe Iomlána	169	28

Chríochnaigh ÚRCTC a chéad imscrúdú ar CTC faoi Alt 46 den Acht.

5. Táillí agus Costais Rialachais

	2024 €'000	2023 €'000
Táillí Comhalta an Rialálaí	43	45
Costais Chruinnithe an Rialálaí	2	-
Costais Taistil Chomhalta an Rialálaí	1	1
Sainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais*	19	-
Táillí agus Costais Rialachais Iomlána	65	46

* Baineann an tSainchomhairleoireacht agus Comhairle Rialachais don bhliain 2024 le meastóireacht sheachtrach ar an mBord a rinneadh le linn na bliana.

a) Costais Rialálaí de réir Comhalta

	2024 €'000	2023 €'000
Eddie Lewis	9	9
Séamus Neely	6	6
Eileen Gleeson	4	6
Geraldine Hynes	6	6
Jillian Mahon	6	6
John McCarthy	6	6
Oonagh Breen	-	-
Michael Cameron (An Ríocht Aontaithe)	-	-
Orla Coyne	6	6
	43	45

6. Teicneolaíocht Faisnéise

	2024 €'000	2023 €'000
Bogearraí TF	62	49
Cothabháil agus Forbairt Suímh Gréasáin	7	4
Seirbhísí TF	10	15
Leathanbhanda agus Gutháin	20	17
Trealamh TF	8	33
Slándáil TF	12	5
	119	123

7. Táillí Proifisiúnta

	2024 €'000	2023 €'000
Seirbhísí Cuntasaíochta Airgeadais	45	44
Iniúchadh	16	15
Iniúchadh Inmheánach	34	27
Gnóthaí Dlí	16	25
Pinsean	11	11
Acmhainní Daonna Seachfhoinsithe	45	43
Sainchomhairleoirí	17	13
Earcaíocht	62	106
Sainchomhairleoireacht Rialála*	44	-
Meastóireacht agus Measúnú*	49	-
Bainistíocht Cáilíochta*	57	-
Cosaint Sonraí**	30	7
	426	291

*Fostaíodh comhairleoirí seachtracha le haghaidh roinnt tionscadal le linn na bliana:

- Athbhreithniú eagraíochtúil ar bhaill foirne, scileanna, saineolas agus struchtúr grádaithe (€44k).
- Athbhreithniú chun éifeachtacht an chlár measúnaithe a mheas i ndiaidh a bhunaithe tosaigh (€49k).
- Forbairt agus cur i gcrích an dara ráitis straitéise de chuid ÚRCTC (€57k).

** Fostaíodh an tOifigeach Cosanta Sonraí i mí Dheireadh Fómhair 2023. Léiríonn 2024 an chéad bhliain iomlán caiteachais.

8. Cumarsáid	2024 €'000	2023 €'000
Dearadh agus priontáil	6	9
Costais Cruinnithe	1	-
Cláir Oideachais agus Treorach	7	10
Tuairisciú Earnála agus Bliantúil	7	15
Faireachán ar na Meáin	2	3
Tacaíocht Cumarsáide*	24	-
	47	37

*Fostaigh comhairleoirí seachtracha chun tacaíocht cumarsáide straitéiseach a sholáthar.

9. Costais Oifige agus Costais Eile	2024 €'000	2023 €'000
Ballraíocht/síntiúis	13	9
Muirir Cíosa agus Seirbhíse*	272	313
Oifig lena n-áirítear postas agus stáiseanóireacht	10	14
Oiliúint	33	49
Trealamh Oifige	9	15
Sláinte agus Sábháilteacht	6	7
Cothabháil Oifige	29	32
Nithe eile lena n-áirítear ús bainc agus táillí, seirbhísí aistriúcháin	3	5
	375	444

*Aisiompaíodh fabhrú rátaí €20k sa bhliain 2023 sa bhliain 2024 i ndiaidh díolúine rátaí a dhearbhu do ÚRCTC.

10. Infháltais	2024 €'000	2023 €'000
Réamhíocaíochtaí	97	96
Féichiúnaithe Eile	7	-
	104	96

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin. Áirítear ar Fhéichiúnaithe Eile admhálacha infhaighte DSP de €2,098 agus Aisghabháil Tuarastail de €4,837.

11. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim	2024 €'000	2023 €'000
Airgead tirim ag an mbanc	595	384
	595	384

12. Suimeanna inioctha	2024 €'000	2023 €'000
Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Creidiúnaithe a bhaineann le pá	44	35
Fabhruithe	252	278
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	5	-
CBL	2	5
Cárta Creidmheasa	1	1
Creidiúnaithe Trádála	25	5
	329	324

13. Costais Sochair Scoir

i. Soláthar Foirne ÚRCTC

Tá gach comhalta foirne atá fostaithe ag ÚRCTC ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail na foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta.

ii. Anailís ar na costais sochair scoir go léir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta

	2024 €'000	2023 €'000
Costas seirbhíse reatha	128	106
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	14	8
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe	73	58
Na costais a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choimeádta	215	172

iii. Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2024 €'000	2023 €'000
Glan-oibleagáid sochair scoir ag tús na bliana	442	222
Costais seirbhíse reatha	128	106
Ranníocaíochtaí Fostaithe	73	58
Costais úis	14	8
Sochair íoctha sa bhliain	-	-
Caillteanas / (gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais	(132)	(4)
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha	(70)	52
Glan-oibleagáid sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig	455	442

iv. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn ÚRCTC suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚRCTC nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo chun díol as suimeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeádta:

	2024 €'000	2023 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	215	172
	215	172

B'ionann na dliteanais maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail ar an 31 Nollaig 2024 agus €455,000 (2023: €442,000).

v. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2024 €'000	2023 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	455	442
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe	(132)	(4)

vi. Cur síos ar an scéim

Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh phoiblí a fostaíodh ó 2013 i leith. Is scéim shochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar “suimeanna inchurtha”, mar chéatadáin pá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha fabhraithe gach bliain a athluacháil go bliantúil go dtí am scoir de réir méaduithe boillscithe (Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí). Is é an pinsean bliantúil a dhámhtar ar scor ná iomlán carnach suimeanna inchurtha pinsin an chomhalta scéime, agus is é an chnapshuim scoir a dhámhtar, ar an mbealach céanna, iomlán suimeanna inchurtha cnapshuime an chomhalta scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nothaí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe inar cuireadh ceanglais an FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2024 a mheas.

Ba iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair shainithe agus na n-oibleagáidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a ríomh:

	2024	2023
Ráta lascaine	3.50%	3.10%
Ráta boillscithe	2.25%	2.30%
Méaduithe tuarastail	3.25%	3.30%
Méaduithe pinsin	2.25%	2.30%

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta a nglactar leis feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a mbaineann comhalta aois scoir (65 bliain d’aois) amach. Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róibheag chun aon mheastacháin a bhaineann go sonrach leis an Scéim a anailísiú agus a sholáthar ar leibhéil mhortlaíochta sa todhchaí. Is iad seo a leanas an meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

	2024 Blianta	2023 Blianta
Fear 65 bliain d’aois	22.2	22.1
Bean 65 bliain d’aois	24.5	24.4

14. Ceangaltais Léasa

Níl talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht ÚRCTC. Tá gealltanais ag ÚRCTC maidir le léas ar chóiríocht oifige ar an gCeathrú hUrlár, Teach Grattan, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath. Coinnítear an léas seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ar cuireadh tús leis sa bhliain 2022. Tá clásal scoir seacht mbliana ann agus tá athbhreithniú cíosa ann i ndiaidh cúig bliana.

Leagann ÚRCTC amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an léasa:

	2024 €’000	2023 €’000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	309	309
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	1,237	1,237
Iníochta os cionn cúig bliana	901	1,211
	2,448	2,757

15. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail ar an 31 Nollaig 2024

16. Idirbhearta/ Nochtadh Leasanna Páirtithe Gaolmhara

Comhlíonann ÚRCTC an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag an Rialálaí agus ag bail/foireann ÚRCTC. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear le ceangaltais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtí gaolmhar sa bhliain 2024 (2023: Nialas).

Bhí Príomhbhainistíocht in ÚRCTC comhdhéanta den Rialálaí, an Príomhfheidhmeannach, an Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe, an Ceann Maoirseachta Rialála, an Ceannasaí Dlí agus an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. D’fhág Susanna Lyons ÚRCTC mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 25 Aibreán 2024. Thosaigh Fergal O’Leary le ÚRCTC mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 9 Meán Fómhair 2024. Ghníomhaigh Leona McMahon (Ceann Dlí), mar POF idir an dá linn.

D’fhág Steven Sheridan (Ceann na Maoirseachta Rialála) ÚRCTC ar an 5 Eanáir 2024. Thosaigh Antonia Smyth mar Cheann na Maoirseachta Rialála ar an 20 Márta 2025. Ghníomhaigh Ken Jackson mar Cheann na Maoirseachta Rialála idir an dá linn.

Tugadh ardú céime do Paula Nyland (an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha roimhe seo) go Ceann Clárúcháin agus Measúnaithe ar an 2 Deireadh Fómhair 2023. Níor thosaigh sí sa phost go dtí an 6 Feabhra 2024, áfach, nuair a thosaigh an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha nua. Ghníomhaigh Jenny Murphy mar Cheann Clárúcháin agus Measúnaithe idir an dá linn.

Thosaigh Kerrie-Ann Doyle mar Cheann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ar an 6 Feabhra 2024. Ba é an luach saothair iomlán a íocadh le príomhbhainistíocht sa bhliain 2024 ná €381,517 (2023: €396,826).

17. Teagmhais i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

D'éirigh an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha as a phost le linn na bliana 2025 agus scoirfidh sé de bheith fostaithe ag Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe an 24 Iúil 2025.

18. Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá freagracht iomlán ar an Rialálaí as comhlíonadh na heagraíochta leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Márta 2013. Tá an fhreagracht seo tarmlichte ag an Rialálaí don bhainistíocht.

Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear le córas rialaithe inmheánaigh ÚRCTC rialuithe cuntaisíochta agus ríomhaireachta atá deartha chun a chinntiú go sainiúitear sonraisc agus conarthaí le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe mar atá sainmhínithe san Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun cinnteacht réasúnta, cé nach dearbhú iomlán é, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta. Tá an Rialálaí sásta gur chomhlíon sé forálacha an Achta i ngach gné ábhartha. Íocadh ús íocaíochta €0 sa bhliain.

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an rialálaí na Ráitis Airgeadais agus shínigh Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialálaí iad ar an 26/05/2025.

Suíomh gréasáin: www.ahbregulator.ie
Teil: 01 224 3900 **R:** info@ahbregulator.ie

ÚRCTC, 4ú Urlár, Teach Grattan,
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2,
D02 H638

**An tÚdarás Rialála Comhlachtaí
Tithíochta Ceadaithe**

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority

